Ghlac an Bord leis an mBeartas Bainistíochta Riosca ag cruinniú an bhoird ar an 5 Nollaig 2023. Bunaítear leis an mbeartas seo creat chun teagmhais ionchasacha a d'fhéadfadh ÚRLM a nochtadh do riosca a aithint, chun an riosca seo a rialú agus a bhainistiú laistigh de mhian riosca ÚRLM, agus chun dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le baint amach cuspóirí ÚRLM. Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag ÚRLM a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh ÚRLM agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an CIR an clár

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta a thuairiscíonn don Bhord ansin. Leanann an creat riosca ag forbairt in 2024.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise, agus córais teicneolaíochta cumarsáide agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe inmheánaigh. Nuair a bhraitear easnaimh rialaithe, cuirtear in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh -rialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

### Soláthar

Tá nósanna imeachta forbartha ag ÚRLM agus tá siad á gcur i bhfeidhm chun cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá obair ar bun chun creat soláthair iomlán neamhspleách a bhunú.

Sular bunaíodh ÚLM go foirmiúil, shocraigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht conradh le Foras na Mara le haghaidh obair thaighde a theastaíonn ó ÚRLM. Comhlíonadh beartas agus nósanna imeachta soláthair na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht maidir le heisceachtaí ó phróiseas iomaíoch agus áireofar an soláthar seo i dtuairisceán 40/02 Bliantúil 2023 na Roinne sin. Chaith ÚRLM €116k faoin gconradh seo in 2023. Tabharfar an conradh chun críche in 2024 agus meastar gurb é luach iomlán an chonartha ná €154k.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

#### ***Sárú ar Nósanna Imeachta Rialaithe Airgeadais***

Ar 5 Nollaig 2023 rinneadh íocaíocht de €144,777 i leith cíosa 2024 do Theach Menapia. Bhí an íocaíocht seo dlisteanach agus léirigh sí an oibleagáid chonarthach. Mar sin féin, ní raibh údarú na híocaíochta seo comhsheasmhach le nósanna imeachta ÚRLM a éilíonn faomhadh roimh ré ón mBord le haghaidh suimeanna os cionn €100,000.

Deimhníodh nósanna imeachta baincéireachta ó shin agus cuireadh in iúl iad chun an riosca go dtarlóidh sé arís a mhaolú.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

Níor sainaithníodh aon laigí breise i rialuithe inmheánacha i ndáil le 2023 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta bunaithe ag ÚRLM maidir le bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha.

Le linn na tréimhse ón 17 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023, tá monatóireacht an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh mar bhonn eolais ag: -

- próisis na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le seirbhísí comhroinnte a chuirtear ar fáil do ÚRLM
- obair na n-iniúcháirí seachtracha;
- obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca; agus
- an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

I mbliain a bhunaithe ní dhearna an Bord athbhreithniú seachtrach ar a chórais rialaithe inmheánaigh. Cuirfear tús le soláthar seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh in 2024 agus tabharfar tús áite d'athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

---



Mark Mellett  
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 12/08/2024



Niamh Kenny  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Dáta: 12/08/2024

## Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

#### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí

##### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údarás Rialála um Limistéir Mhuirí don tréimhse 17 Iúil go 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 67(4) den Acht um Pleanáil Ceantair Mhuirí 2021.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údarás Rialála um Limistéir Mhuirí amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don tréimhse 17 Iúil go 31 Nollaig 2023 de réir an Airgeadais Caighdeán Tuairiscithe (ACT) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

##### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISA) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhForas Iniúcháireachta Uachtarach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

##### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín den tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
19 Lúnasa 2024

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá sonraíte sa ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá an tÚdarás freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 67 den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh oiriúnach, agus
- Tá gá lena leithéid de rialú inmheánach a chinneann sé le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 67(4) den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go bhfaighidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISA, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais cé acu de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithearfair míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaióchta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim an chonclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaióchta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le héiginnteacht ábhartha ann maidir le cé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Údaráis Rialála um Limistéir Mhuirí leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinneam go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, teastaíonn uaim aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá na nochtadh easnamhach, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis le scor d'Údarás Rialála an Limistéir Mhuirí, rud a leanann ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu a léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, an scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainníonn le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- Níl an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- níor leor na taifid chuntasaióchta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaióchta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl as sin amach.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, leagtar orm faoi na ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cé a bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, bainim de tháil as go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, teastaím an fhírce sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainníonn ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a riaradh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainníonn aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

### RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTE IONCAIM AR CHOINNEÁIL DON TRÉIMHSE Ó DHÁTA BUNAITHE 17 IÚIL GO DTÍ 31 NOLLAIG 2023

	Nótaí	5 mhí 2023 €'000
<b>Ioncam</b>	2	
Deontais Oireachtais		1,448
Cíosanna Imeall Trá		2,740
Táillí Iarratais (TLMnna agus Ceadúnais)		<u>25</u>
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b><u>4,213</u></b>
<b>Caiteachas</b>		
Tuarastail agus Pá	3	764
Costais Rialachais	4	63
Teicneolaíocht Faisnéise	5	15
Táillí Gairmiúla	6	248
Cumarsáid	7	21
Costais oifige agus eile	8	164
Soláthar Drochfhiacha	10	22
Dímheas		<u>14</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b><u>1,311</u></b>
Barrachas don tréimhse roimh leithreasáí		2,902
Aistrithe (chuig) / ón gCuntas Caipitil		<u>(46)</u>
Barrachas don tréimhse tar éis leithreasáí		<u>2,856</u>
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar 31 Nollaig</b>		<b><u>2,856</u></b>

Baineann gach ioncam agus caiteachas don tréimhse le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe. Áiríonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe gach gnóthachan agus cailteanas a aithníodh sa tréimhse.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Mark Mellett  
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 12/08/2024



Niamh Kenny  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Dáta: 12/08/2024



## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON TRÉIMHSE ÓN DÁTA BUNAITHE 17 IÚIL GO DTÍ 31  
NOLLAIG 2023

	5 mhí 2023 €'000
Barrachas don tréimhse airgeadais	<u>2,856</u>
<b>Ioncam Cuimsitheach Iomlán don tréimhse</b>	<b>2,856</b>
Earraí Infhaighte amhail ar an Lá Bunaithe	<u>1,426</u>
<b>CÚLCHISTÍ IONCAIM AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2023</b>	<b><u>4,282</u></b>

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Mark Mellett  
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 12/08/2024



Niamh Kenny  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus  
Riosca

Dáta: 12/08/2024

AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

RÁITEAS FAOI SHEASAMH AIRGEADAIS AR AN 31 NOLLAIG 2023

	Nótaí	5 mhí 2023 €'000
<b>Sócmhainní Neamh-Reatha</b>		
Maoin, gléasra agus trealamh	9	58
<b>Sócmhainní Reatha</b>		
Infhála	10	3,455
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	11	<u>859</u>
<b>Sócmhainní Reatha Iomlán</b>		<b><u>4,314</u></b>
<b>Dlíteanais Reatha (Méid atá dlite laistigh de bhliain amháin)</b>		
Iníoctha	12	<u>(32)</u>
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b><u>4,282</u></b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b><u>4,340</u></b>
<b>Ionadaíocht</b>		
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		4,282
Cuntas Caipitil	13	<u>58</u>
		<b><u>4,340</u></b>

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Mark Mellett  
Cathaoirleach an Bhoird



Niamh Kenny  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Dáta: 12/08/2024

Dáta: 12/08/2024

**AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ**

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON TRÉIMHSE ÓN DÁTA BUNAITHE 17 IÚIL GO DTÍ 31  
NOLLAIG 2023

	Nótaí	5 mhí 2023 €'000
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Barrachas don tréimhse		2,856
Aistriú chuig/(ó) Chuntas Caipitil		46
Muirear dímheasa	9	14
(Méadú) / laghdú in Earraí Infhaighte	10	(2,029)
(Laghdú) / Méadú ar Iníochta	12	<u>32</u>
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b><u>919</u></b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil		<u>(60)</u>
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b><u>(60)</u></b>
<b>(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid</b>		<b><u>859</u></b>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na tréimhse		—
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na tréimhse		<u>859</u>

# AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1. Beartais chuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha atá glactha ag ÚRLM leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na tréimhse.

#### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (ÚRLM) ar 17 Iúil 2023. Áirítear lena fheidhmeanna limistéar muirí an Stáit a Rialáil. Tá a phríomhoifig ag an Dara hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

#### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚRLM don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2023 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, agus le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (CTA) an RA

#### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus comhlíonann siad caighdeán tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin mar a léirítear i nDeontais Oireachtais thíos. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an PFN. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhmiúil ÚRLM é.

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe don tréimhse 5 mhí ón dáta bunaithe 17 Iúil go 31 Nollaig 2023.

#### d) Ioncam

##### Deontais Oireachtais

Léiríonn ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi Dheontais maoiniú a cuireadh ar fáil do ÚRLM ó Vóta 34 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Aithnítear ar bhonn airgid thirim é.

##### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam urthrá sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar dháta an tsonrais. Clúdaíonn sonrais do thoilithe urthrá tréimhse 12 mhí, agus aithnítear ioncam don 12 mhí iomlán ar dháta an tsonrais.

Aithnítear ioncam le haghaidh Toiliú Limistéir Mhuirí (TLM) agus táillí iarratais ar Cheadúnas Úsáide Muirí (CUM) nuair a fhaightear cistí a bhaineann leis na hiarratais. Ní féidir tús a chur leis an bpróiseas iarratais mura bhfaightear an táille chuí.

Déanfaidh ÚRLM tuilleadh forbartha ar a mbeartais aitheantais ioncaim thar 2024 de réir mar a mhéadóidh an ghníomhaíocht laistigh den Ghníomhaireacht.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

### e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar do lagú. Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saolta úsáideacha measta mar a leanas:

Feabhsúcháin Léasachta	20%	(Léiríonn sé téarma an léasa - 5 bliana go dtí Nollaig 2027)
Trealamh	20%	
Troscán	20%	

Próiseáiltear muirear bliana iomlán i mbliain na fála, ní phróiseáiltear aon táille i mbliain na diúscartha. Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofar faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a ré úsáideach.

### f) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Cuimsíonn Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid airgead ar láimh, taiscí éilimh agus iarmhéideanna dearfacha ar chuntais reatha.

### g) Airgeadra Eachtrach

Iompraítear sócmhainní nó dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach (ie nach bhfuil ainmnithe in Euro) ag an gcoibhéis Euro arna chomhshó ag an ráta fx is infheidhme ar dháta an chláir chomhardaithe. Aistrítear idirbhearta a thabhaítear in airgeadra eachtrach go Euro agus déantar iad a thaifeadadh ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart.

### h) Párolla

Nuair a bunaíodh ÚRLM, cuireadh socrú i bhfeidhm trína ndearna an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht próiseáil idirbheartaíochta ar phárolla d'fhoireann ÚRLM tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Mar gheall ar nádúr an tsocraithe seo, ní áiríonn ráitis airgeadais ÚRLM fabhrú ginearálta párolla ná fabhrú saoire bhliantúil neamhúsáidte ag deireadh na bliana, ach tá sé beartaithe go gcuirfear tús le luacháil agus fabhrú an bhliain seo chugainn.

### i) Oibleagáid Pinsin / Sochar Scoir

Is státseirbhísigh iad foireann uile ÚRLM agus gach duine ar iasacht, agus déantar gach dualgas pinsin agus scoir a bhainistiú go lárnach agus a phróiseáil tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

### j) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim & Caiteachais thar shaolré an léasa ar bhonn dronlíneach.

### k) Féichiúnaithe

Iompraítear suimeanna a bhfuil sonrasc curtha ar fáil ag ÚRLM ina leith, agus atá fós gan íoc ar dháta an chláir chomhardaithe mar Earraí Infhaighte sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais lúide soláthar do dhrochfhiacha.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

### **l) Punann Imeall Trá**

Ar an 17 Iúil 2023, ghlac ÚRLM freagracht as an bpunann Imeall Trá ‘cinnte’ – trí thoilithe a eisíodh agus a críochnaíodh go hiomlán maidir le gníomhaíocht toilithe Imeall Trá. Bhí an t-iarmhéid seo i seilbh na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht roimhe seo. Caitheadh leis an infháltas mar chúlchiste tosaigh lúide soláthar do dhrochfhiacha agus fiacha amhrasacha. Choinnigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an phunann urthrú ‘neamhchinntithe’ agus próiseálfaidh sí iad seo go dtí an cinneadh deiridh. Nuair a chinnfear ar deireadh, aistreofar toilithe forghníomhaithe chuig ÚRLM le haghaidh riaracháin, lena n-áirítear bailiú cíosa. Aistríodh freagracht as an bpunann neamhchinntithe Imeall Trá chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i mBealtaine 2024.

### **m) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta**

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail dáta an ráitis ar an staid airgeadais agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

### **Soláthar le haghaidh Drochfhiacha**

Forálann ÚRLM do fhiacha dona agus amhrasacha nuair a mheastar nach dócha go dtiocfaidh aisghabháil an mhéid sonraisc/infhála. Meastar suimeanna infhála a bheith neamhdhóchúil i gcás nach bhfuil an cuntas comhlíonta, íocaíochtaí déanta agus/nó ag gabháil leis an nGníomhaireacht, nó lena réamhtheachtaithe, ar feadh tréimhse 24 mí nó níos mó. Leanfaidh ÚRLM ar aghaidh ag bailiú sonrasc i gcoinne cuntas neamh-chomhlíonta, agus saothróidh sé iad seo chun iarracht a dhéanamh aighneas atá fós gan réiteach a réiteach agus ní dhíscríobhfaidh siad aon suimeanna in éagmais imscrúdaithe iomlán agus comhlíonadh le cleachtas cuí an Stáit.

### **Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus tá siad tar éis teacht ar an gconclúid go bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

### **Lagú Maoine, Gléasra agus Trealaimh**

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil bearnú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

### 2. Ioncam

#### a) Deontais Oireachtais

**5 Mhí  
2023  
€'000  
1,448**

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – Fotheideal D.15

Déantar ÚRLM a mhaoiniú ó Vóta 34, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, trí fhotheideal D.15. Clúdaíonn an maoiniú seo caiteachas reatha (oibríochtúil) ÚRLM. Ní bhfuair ÚRLM maoiniú maidir le tionscadail chaipitil. Sular bunaíodh ÚRLM thabhaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta costais maidir le réamh-bhunú ÚRLM trí fhotheideal D.15 mar a shonraítear thíos:

#### Costais réamhbhunaithe 2022

**Nollaig 2022**

**€'000**

**Iomlán**

**€471**

#### Costais réamhbhunaithe 2023

**1 Eanáir go 16 Iúil**

**2023**

**€'000**

Pá agus Tuarastail (ÁSPC san áireamh)

524

**Pá Iomlán**

**524**

Cíos

72

Árachas

1

Táille sheirbhíse

34

Táillí Gairmiúla

93

Sócmhainní Seasta

12

Trealamh oifige

6

Bord T&C (taistil agus cothaithe)

6

Fóin Póca

2

Ceadúnais / Síntiúis

9

Eile

2

**Neamhphá Iomlán**

**237**

#### b) Ioncam Eile

**5 Mhí  
2023  
€'000  
2,740  
25  
**2,765****

Cíosanna Imeachtra

Táillí Iarratais (TLMnna agus Ceadúnais)

**Iomlán**

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

<b>3. Tuarastail agus Pá</b>	<b>5 Mhí</b>
	<b>2023</b>
	<b>€'000</b>
Tuarastail agus Pá	70
ÁSPC Fostóirí	7
Iasachtaí (ÁSPC san áireamh)	686
Conraitheoirí (ÁSPC san áireamh)	2
Eile (Ranníocaíochtaí Leasa Shóisialaigh)	<u>(1)</u>
<b>Tuarastail agus Pá Iomlán</b>	<b><u>764</u></b>

Asbhaineadh Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASC) de réir riachtanais reachtúla. Asbhaineadh €37,144 de ASC in 2023 agus choinnigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta é.

### a) Líon na bhFostaithe

Ba é 23 líon na mball foirne, lena n-áirítear iad siúd ar iasachtaí agus foireann gníomhaireachta gan áireamh, ag deireadh na tréimhse (coibhéis lánaimseartha).

### b) Costais Foirne agus Eolas maidir le Fostaithe

Nochtar miondealú ar shochair fostaithe faoi “Sochair Ghearrthéarmacha d’Fhostaithe” sa Rialachas Ráiteas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

### c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair scoir le linn na tréimhse.

### d) Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Seo a leanas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, a ceapadh ar an 10 Iúil 2023, in 2023:

	<b>5 Mhí</b>
	<b>2023</b>
	<b>€'000</b>
Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh ó 17 Iúil go 31 Nollaig 2023	<u>70</u>

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon íocaíochtaí feidhmíochta nó aon sochar comhchineáil eile le linn na tréimhse. Ní théann teidlíochtaí pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

<b>4. Costais Rialachais</b>	<b>5 Mhí</b>
	<b>2023</b>
	<b>€'000</b>
<b>Táillí/Costais Chomhaltaí an Bhoird</b>	
Táillí Boid	50
ÁSPC Fostóirí	3
Costais Chomhaltaí an Bhoird	<u>10</u>
<b>Costais Iomlána Chomhaltaí an Bhoird</b>	<b><u>63</u></b>

Sonraítear Táillí an Bhoird sa “Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais” atá sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2023 thuas.



**AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ**

<b>5. Teicneolaíocht Faisnéise</b>	<b>5 Mhí</b>
	<b>2023</b>
	<b>€'000</b>
Forbairt TF	<u>15</u>
<b>6. Táillí Gairmiúla</b>	<b>5 Mhí</b>
	<b>2023</b>
	<b>€'000</b>
Táillí Airgeadais	40
Táillí Iniúchta	19
Táillí Earcaíochta	32
Táillí Dlíthiúla	41
Comhairleacht (Institiúd na Mara)	<u>116</u>
<b>Iomlán</b>	<b><u>248</u></b>
<b>7. Cumarsáid</b>	<b>5 Mhí</b>
	<b>2023</b>
	<b>€'000</b>
Comhdhálacha agus Seomra ar cíós	6
Iónadóireacht	4
Costais bainteach le Seoladh	<u>11</u>
<b>Iomlán</b>	<b><u>21</u></b>
<b>8. Costais Oifige agus Eile</b>	<b>5 Mhí</b>
	<b>2023</b>
	<b>€'000</b>
Ballraíocht/síntiúis agus Oiliúint	4
Deisiúcháin agus Glanadh	9
Cíos Oifige	72
Táille Sheirbhíse	48
Árachas	3
Oifig lena n-áirítear postas, stáiseanóireacht agus teileafón	2
Taisteal & Cothabháil Fostaí	14
Seirbhísí aistriúcháin	<u>12</u>
<b>Iomlán</b>	<b><u>164</u></b>

**AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ**

**9. Maoin, Gléasra agus Trealamh**

	<b>Feabhsúcháin Léasachta €'000</b>	<b>Trealamh €'000</b>	<b>Troscán €'000</b>	<b>Iomlán €'000</b>
<b>Costas</b>				
Aistrithe Ar 17 Iúil 2023	-	12	-	12
Breiseanna don tréimhse	15	44	1	60
Diúscairtí	-	-	-	-
<b>Ar 31 Nollaig 2023</b>	<b>15</b>	<b>56</b>	<b>1</b>	<b>72</b>
<b>Dímheas Carntha</b>				
Aistrithe Ar 17 Iúil 2023	-	-	-	-
Táille dímheasa (bliain iomlán)	3	11	-	14
Diúscairtí	-	-	-	-
<b>Ar 31 Nollaig 2023</b>	<b>3</b>	<b>11</b>	<b>-</b>	<b>14</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>				
<b>Ar 17 Iúil 2023</b>	<b>-</b>	<b>12</b>	<b>-</b>	<b>12</b>
<b>Ar 31 Nollaig 2023</b>	<b>12</b>	<b>45</b>	<b>1</b>	<b>58</b>

**10. Infhála**

	<b>5 Mhí 2023 €'000</b>
Féichiúnaithe	10.1 3,418
Réamhíocaíochtaí – cíos agus árachas réamhíochta	37
<b>Iomlán</b>	<b>3,455</b>

Tá gach Infháiltas dlite laistigh de bhliain amháin.

**Nóta 10.1 Féichiúnaithe**

	<b>5 mhí 2023 €'000</b>
Iarmhéid dlite ag deireadh na bliana	3,666
Soláthar do dhrochfhiacha agus fiacha amhrasacha*	(248)
<b>Glanfhéichiúnaithe</b>	<b>3,418</b>

\*Is é sin an soláthar tosaigh de €226k de réir an mhéid thíos móide an méid dá bhforáiltear sa tréimhse de €22k.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

### Nóta 10.2

Ar 17 Iúil 2023, ghlac ÚRLM freagracht as an bpunann urthrú ‘diongbháilte’ – ar léasanna agus ceadúnais iad a eisíodh agus a cuireadh i gcrích go hiomlán maidir le gníomhaíocht toilithe urthrú sna méideanna seo a leanas:

	€'000
Infhála tosaigh amhail an 17 Iúil 2023	1,652
Soláthar do drochfhiacha agus fiacha amhrasacha	(226)
<b>Infhála glan tosaigh</b>	<b>1,426</b>

	5 Mhí 2023 €'000
<b>11. Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid</b>	
Cuntas Reatha	859
<b>Iomlán</b>	<b>859</b>

	5 Mhí 2023 €'000
<b>12. Iníoctha</b>	
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:	
Fabhrú	32
<b>Iomlán</b>	<b>32</b>

### 13. Cuntas Caipitil

Cuimsíonn an cuntas caipitil ioncam leithdháilte chun sócmhainní seasta a cheannach. Amúchtar é ar aon dul le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

	€'000
Sócmhainní Seasta aistrithe amhail an 17 Iúil 2023	12
<b>Aistriú (chuig)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>	
Méid leithdháilte chun ceannach sócmhainní seasta a mhaoiniú	60
Lúide: Amúchadh ar aon dul le dímheas	(14)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023</b>	<b>58</b>

## AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

### 14. Seirbhísí Comhroinnte

Tá roinnt tascanna á gcur i gcrích ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide tar éis Aistriú Feidhmeanna) thar ceann ÚRLM óna gcuid bonneagair riaracháin. Tugadh breac-chuntas ar na seirbhísí a soláthraíodh i gcomhaontú seirbhíse (SLA) a chuimsigh ar dtús: - Bainistíocht Airgeadais, Teicneolaíocht Faisnéise, Cíos agus Saoráidí, Acmhainní Daonna agus Tacaíocht Riaracháin Ghinearálta. I rith 2024 tháinig laghdú ar an leibhéal tacaíochta a chuirtear ar fáil faoin gcomhaontú leibhéal seirbhíse agus tá sé dírithe ar roinnt tacaíochtaí Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht Faisnéise.

Agus aistriú feidhmeanna tugtha chun críche i mBealtaine 2024, tá SLA nua á ullmhú anois leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide atá le tabhairt chun críche faoi dheireadh 2024.

Soláthraíonn Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit seirbhísí dlí do ÚRLM laistigh de théarmaí an Phrótacail chomhaontaithe.

Níor ardaíodh aon táill le linn 2023 le haghaidh seirbhísí comhroinnte don tréimhse bhunaíochta tosaigh seo, ach tá gach seirbhísí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit á muirearú le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

### 15. Ceangaltais Léasa

Tá ceangaltais ag ÚRLM maidir le léas ar chóiríocht oifige ar an Dara hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman. Coinnítear é seo trí léas, atá i bhfeidhm go dtí 31 Nollaig 2027. Is é an cíos bliantúil ná €144,777 agus CBL san áireamh.

Ar 31 Nollaig 2023, bhí na híosíocaíochtaí léasa seo a leanas ag ÚRLM amach anseo faoi léasanna neamh-incháilithe:

	€'000
Iníochta laistigh de bhliain	145
Iníochta laistigh de 2 – 5 bliana	435
Iníochta tar éis 5 bliana	-
<b>Iomlán</b>	<b>580</b>

### 16. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2023.

**17. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara/ Nochtadh Leasanna**

Cloíonn ÚRLM leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag an mBord agus ag comhaltaí/foireann ÚRLM. Tá nósanna imeachta foirmeálta ann lena chinntiú go gcloítear le ceanglais an Chóid. Níor tuairiscíodh aon idirbhearta páirtí gaolmhar in 2023.

Is éard a bhí i bPríomhbhainistíocht ÚRLM le linn 2023, ná an Príomhfheidhmeannach agus bainisteoir sinsearach amháin. Ba é an luach saothair iomlán a íocadh le príomhbhainistíocht in 2023 ná €131,451. Leanadh le príomhcheapacháin phearsanra go dtí 2024.

AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ

Faomhadh na Ráitis Airgeadais



---

Mark Mellett  
Cathaoirleach an Bhoird

Niamh Kenny  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus  
Riosca

Dáta: 12/08/2024

Dáta: 12/08/2024